
An Coimisiún Eorpach

# **Altiero Spinelli:** feidearálach diongbháilte




*Altiero Spinelli 1907 - 1986*

*Bhí an polaiteoir Iodálach Altiero Spinelli ar dhuine de phíomhthionscnóirí an Aontais Eorpaigh. Bhí ról tábhachtach aige sa togra ó Pharlaimint na hEorpa le haghaidh Conartha ar Aontas Eorpach feidearálach – dá ngairtear 'Plean Spinelli'. Ghlac tromlach mór sa Pharlaimint leis an togra sin i 1984 agus b'ionspráid thábhachtach é maidir le Conarthaí an AE a neartú sna 1980daí agus 1990daí.*

*Ag aois a 17 mbliana, ghlac Spinelli ballraíocht sa Pháirtí Cumannach agus, dá thoradh sin, cuireadh sa phríosún é faoi chóras faisisteach na hIodáile, idir 1927 agus 1943. Nuair a tháinig an Dara Cogadh Domhanda chun críche, bhunaigh Spinelli Gluaiseacht Fheidearálach na hIodáile.*

*D'oibrigh sé ar son aontú na hEorpa sa ról a bhí aige mar chomhairleoir do pholaiteoirí móra le rá ar nós De Gasperi, Spaak agus Monnet. Ba ghiúróir oilte é agus chuir sé le haidhm na hEorpa sa réimse acadúil agus chruthaigh sé an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta sa Róimh.*

*Bhí sé ina bhall den Choimisiún Eorpach idir 1970 agus 1976 agus bhí freagracht air as an mbeartas inmheánach. Chaith sé trí bliana ina Theachta i bParlaimint na hIodáile don Pháirtí Cumannach sular toghadh é mar Fheisire i bParlaimint na hEorpa i 1979.*

## Cúlra

Rugadh Altiero Spinelli do theaghlach sóisialach sa Róimh ar an 31 Lúnasa 1907. D'éirigh sé gníomhach i bPáirtí Cumannach na hIodáile agus é fós an-óg. Gabhadh é i 1926, i ngeall ar a pháirt sa Pháirtí Cumannach, agus ciontaíodh é ag Binse Fiosruithe Speisialta Mussolini agus tugadh 16 mbliana agus 8 mí coinneála dó. Chaith sé deich mbliana den tréimhse sin sa phríosún agus sé bliana eile i ngéibheann. Le linn na tréimhse fada sin dhiúltaigh Spinelli a thuairimí a thréigean agus aithrí a dhéanamh, fiú agus párdún ar fáil dó dá ndéanfadh sé amhlaidh. Rinne sé dianstaidéar agus é sa phríosún agus d'éirigh sé an-tógtha le comhtháthú fornáisiúnta. Cháin sé roinnt de smaointe polaitiúla an Pháirtí Chumannaigh. Chuir an Páirtí an-díomá air agus i ngeall ar an tuiscint a fuair sé agus é i mbun staidéir thréig sé na Cumannaigh agus d'éirigh sé gníomhach i gcúis na bhFeidearálach. Ba le linn dó bheith ina chime ar oileán beag Ventotene a mhúnlaigh sé na smaointe Feidearálacha a bhí aige. Chreid sé de réir a chéile go gcuideodh gluaiseacht uile-Eorpach i dtreo feidearálachais chun fórsa díobhálach an náisiúnachais a chur ó mhaith.

## Forógra Ventotene

Le linn dó bheith ar oileán Ventotene, léigh Spinelli saothair roinnt teoiricí feidearálacha. Fuair sé ionspráid óna smaointe agus a dtuairimí agus dhréachtaigh sé, in éineacht le príosúnaithe polaitiúla eile, Forógra Ventotene inar leag sé amach an aidhm a bhí leis an bhfís fheidearálach a bhí aige agus le todhchaí na hEorpa. Tá an Forógra sin ar cheann de na chéad doiciméid ina ndéantar argóint ar son bunreachta don Eoraip. 'I dtreo Eoraip

atá saor agus aontaithe' ba theideal don Fhorógra ar dtús, agus dúradh ann nach mbeadh aon leas le baint as bua a fháil ar chumhachtaí faisisteacha mura dtiocfadh as ach leagan eile de sheanchóras na hEorpa ina mbeadh náisiúnstáit cheannasacha ach comhaontais dhifriúla eatarthu. Ba chogadh an t-aon toradh a bheadh air sin. Moladh san Fhorógra cónaidhm fornáisiúnta Eorpach de stáit a bhunú, agus is é a bhí mar phríomhsprioc leis sin stáit na hEorpa a nascadh a mhéad sin nach bhféadfaí dul chun cogaidh arís go deo.

## An Ghluaiseacht Fheidearálach


Nuair a scaoileadh saor é i 1943, úsáideadh a chuid scríbhinní mar bhunús le clár an Movimento Federalista Europeo (Gluaiseacht Fheidearálach na hEorpa) a cruthaíodh an bhliain chéanna. Níos déanaí sna 1940daí agus sna 1950daí, bhí Spinelli go mór chun cinn ag tacú leis an aidhm Fheidearálach – Eoraip aontaithe. Le linn na tréimhse sin, cháin sé an easpa dul chun cinn a bhí déanta sna hiarrachtaí chun lánpháirtiú Eorpach a bhaint amach. Chreid sé nár leor comhar idir-rialtasach nuair a bheadh láncheannas náisiúnta ag na stáit in eagraíochtaí ar nós an ECFE agus Chomhairle na hEorpa. Ar an gcúis sin, bhí sé tiomanta agus diongbháilte comhtháthú breise a dhéanamh. Mar shampla, nuair a bhí sé ina chomhairleoir polaitíochta ar Phríomh-Aire na hIodáile, Alcide de Gasperi, chuir sé ina luí air brú a chur le Comhphobal Eorpach um Chosaint a bhunú, ach theip ar an tionscnamh sin, rud a chuir an-díomá ar Spinelli.

## Club na gCrogall

Sna 1960daí, ba chomhairleoir rialtais agus thaighdeoir é Spinelli, bhunaigh sé an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta sa Róimh, agus ba bhall den Choimisiún Eorpach é idir 1970 agus 1976. Toghadh ina Fheisire i bParlaimint na hEorpa é i 1979. Ina cháil mar Fheisire thapaigh sé an deis arís a fhís fheidearálach don Eoraip a chur chun cinn. I 1980, bhunaigh sé, in éineacht le Feisirí eile a thacaigh leis an aidhm fheidearálach, 'Club na gCrogall' a fuair a ainm ón mbialann in Strasbourg ina mbíodh siad ag teacht le chéile.  Bhí conradh nua Eorpach á éileamh ag Club na gCrogall. Chuir na baill rún síos go mbunódh an Pharlaimint coiste speisialta le togra a dhréachtú le haghaidh conartha nua ar an Aontas Eorpach, a bheadh ina bhunreacht don Eoraip cé nach dtabharfaí an teideal sin air.

## Plean Spinelli

An 14 Feabhra 1984, ghlac tromlach na bhFeisirí i bParlaimint na hEorpa an togra agus cheadaigh siad an 'Dréacht-Chonradh ag bunú an Aontais Eorpaigh', dá ngairtear 'Plean Spinelli'. Cé gur theip ar na parlaimintí náisiúnta an conradh a fhormhuiniú, úsáideadh an doiciméad mar bhunús le hIonstraim Eorpach Aonair 1986 lenar osclaíodh na teorainneacha náisiúnta don chómhargadh, agus le Conradh Maastricht 1992 lenar bunaíodh an tAontas Eorpach. Chuaigh díograis Spinelli i gcion ar Uachtarán Mitterrand na Fraince agus chuir Mitterrand ar aghaidh an smaoineamh gur cheart deireadh a chur le naimhdeas na Fraince le gach aon rud seachas cur chuige idir-rialtasach i leith na hEorpa. Thug sé sin an spreagadh do rialtais áirithe san Eoraip próiseas lánpháirtithe na hEorpa a bhrú ar aghaidh níos mó.




*Spinelli i bParlaimint na hEorpa, go gairid tar éis di glacadh lena phlean d'Eoraip fheidearálach i 1984.*

Cé nár fíoraíodh na smaointe uaillmhianacha uile a bhí aige, shaothraigh Altiero Spinelli le dúthracht i gcónaí an sprioc a bhí aige rialtas fornáisiúnta Eorpach a bhunú le nach mbeadh tuilleadh cogaíochta ann agus le tíortha ilchríoch na hEorpa a nascadh in Eoraip aontaithe. Spreag a smaointe go leor athruithe san Aontas Eorpach, go háirithe cumhachtaí níos láidre do Pharlaimint na hEorpa. Bíonn cruinnithe rialta fós ag an ngluaiseacht Fheidearálach ar an oileán beag Ventotene. Fuair Altiero Spinelli bás i 1986 agus tá a ainm tugtha in ómós dó ar phríomhfhoirgneamh Pharlaimint na hEorpa.